

Gradam Bliantúil Filíochta i gCuimhne ar Mhícheál Ó hAirnéide 2019

Michael Hartnett Annual Poetry Award 2019

Bhunaigh Oifig Ealaíon Luimnigh an gradam bliantúil seo i gcomhpháirt leis an gComhairle Ealaíon chun obair litríochta Mhíchíl Uí Airnéide i nGaeilge agus i mBéarla a aithint. Cuirfidh An Chomhairle Ealaíon agus Comhairle Chontae Cathrach Luimnigh duaischiste €4,000 ar fáil, agus is Comhairle Chontae Cathrach Luimnigh a bheidh á riaradh. Bronnfar an gradam ar an bhfile buacach bunaithe **ar an dara leabhar nó leabhar ina dhiaidh sin i gcló sna 3 bliana díreach caite, 2016 – 2018.**

Bronntar Gradam Mhíchíl Uí Airnéide gach re bliain ar leabhair fhilíochta i nGaeilge agus i mBéarla. **I 2019, bronnfar an Gradam ar fhile a scríobhann as Gaeilge.** Is iad **Nuala Ní Dhomhnaill** agus **Gabriel Fitzmaurice** na moltóirí sa bhliain 2019.

S'é 14 Meitheamh 2019 an sprioch-dáta do iarratais.

Bronnfar Gradam Mhíchíl Uí Airnéide ar an bhfile buacach oíche oscailte Éigse Mhíchíl Uí Airnéide ar an Déardaoin 3 Deireadh Fómhair 2019 sa Chaisleán Nua Thiar, Co. Luimnigh.

Coinníollacha:

1. Bronnfar Gradam Mhíchíl Uí Airnéide 2019 **ar fhile atá ag teacht chun cinn, chun tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do scríobh na filíochta as Gaeilge.**
2. Bronnfar Gradam Mhíchíl Uí Airnéide i mbliana 2019 ar leabhar filíochta **as Gaeilge.**
3. Beidh ar an bhfile a bhuafaidh an Gradam a bheith ina náisiúnach Éireannach nó ag cur faoi / fúithi in Éirinn le dhá bhliain anuas ar a laghad.
4. Roghnófar leabhar filíochta de chuid file Éireannaigh de réir na pointí seo a leanas:
is gá don leabhar a chuirtear faoi bhreith a bheith mar an dara leabhar nó leabhar ina dhiaidh sin i gcló sna trí bliana deiridh 2016 – 2018.
5. Imleabhair aonarachá amháin atá incháilithe le cur isteach, ní dantá ná bailiúcháin roghnaithe.
6. Níl iar-fhaighteoirí Ghradam Filíochta Mhíchíl Uí hAirnéide incháilithe do bhreithniú 2019.
7. Is iad **na Comhlachtaí Foilsitheoireachta** a chuirfidh na leabhair isteach sa chomórtas agus ní cheadaítear ach leabhar amháin ó gach file. Caithfidh na foilsitheoirí a chur in iúl do na filí go bhfuil a gcuid saothair á gcur isteach ar an gcomórtas.

8. Beidh cinneadh an bhreithneora críochnaitheach. Ní bheidh aon phlé idir na moltóirí agus na filí a bheidh ar ghearrliosta maidir leis an rogha buaiteora.
9. Is cóir **ceithre chóip** d'aon leabhar filíochta a bheidh san iomaíocht, maraon le foirm iontrála comhlánaithe, a sheoladh go **Oifig Cultúr agus Ealaíon Luimnigh, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Cé na gCeannaithe, Luimnigh**, agus is gá go bhfaighidh an Oifig Cultúr agus Ealaíon an méid sin faoin **Dé hAoine 14 Meitheamh 2019** ar a dhéanaí (Nóta: Ní bheidh na leabhair le fáil ar ais).
10. Líon isteach foirm iarratais ar leith do gach file ar leith a bheidh á chur san iomaíocht.
11. Bronnfar Gradam Mhíchíl Uí Airtnéide ar an bhfile buacach ar oíche oscailte **Éigse Mhíchíl Uí Airtnéide ar an Déardaoin 3 Deireadh Fómhair 2019 sa Chaisleán Nua Thiar, Co. Luimnigh.**

Seol **foirm iarratais** agus **ceithre chóip** den leabhar go:

Oifig Cultúr agus Ealaíon Luimnigh
Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Cé na gCeannaithe, Luimnigh

Limerick Culture & Arts Dept.
Limerick City and County Council, Merchant's Quay, Limerick

T: 061 556370 / 061 557363

E: artsoffice@limerick.ie

